ELeathanach30

Dé Luain 12 Deireadh Fómhair 2009

Duais Nobel na Síochána 2009 ag Uachtarán na Stát Aontaithe

Bhuaigh Barack Obama Duais Nobel na Síochána, 2009. Beidh sé ag dul go hOsló i mí na Nollag agus gheobhaidh sé an duais – bonn óir agus milliún Euro.

Bhuaigh Nelson Mandela, an Mháthair Treasa, agus Kofi Annan an duais roimhe seo.

Bhuaigh Éireannaigh an duais freisin. I 1998, fuair John Hume agus David Trimble í.

Toy Story 3D sa phictiúrlann

Tá an scannán 'Toy Story 3D' sa phictiúrlann! Rinne Disney-Pixar an chéad scannán 'Toy Story' sa bhliain 1995. Bhí guth Tim Allen agus Tom Hanks le cloisteáil sa scannán sin.

Thaitin an scannán sin go mór le páistí agus le daoine fásta ag an am. Anois tá Woody, Buzz Lightyear, agus a gcairde ar ais arís. An t-am seo tá siad i 3D! Sílfidh tú go bhfuil tú istigh sa scannán!

Agus scéal mór eile, beidh 'Toy Story 3' ag teacht i 2010!

Pósadh sa Zú!

Is féidir leat pósadh i zú Bhaile Átha Cliath anois! Bhí bainis sa zú i bPáirc an Fhionnuisce i rith an tsamhraidh. Anois tá an zú ag cur fáilte romhat má tá tú ag iarraidh bainis a bheith agat ann.

Tá cead agat bainis a bheith agat in áiteanna eile freisin, mar shampla, in Old Trafford, nó fiú faoin bhfarraige! Ar mhaith leatsa pósadh in áit dhifriúil mar seo?

Éire V an Iodáil 2:2

Dé Sathairn i bPáirc an Chrócaigh, fuair foireann na hÉireann dhá chúl i gcoinne na hIodáile, ach fuair an Iodáil dhá chúl freisin.

Bhí Éire chun tosaigh ach sa nóiméad deireanach fuair Gilardino cúl do na hIodálaigh.

Beidh cluiche eile againn Dé Céadaoin i gcoinne Mhontainéagró. Tá súil agam go mbeidh an bua againn an t-am seo!

ELeathanach Choláiste Oideachais Froebel, Sion Hill, An Charraig Dhubh, i gcomhpháirt leis an Idirbhliain, Coláiste Alexandra, BÁC 6.